# Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Aitheantóir TUSLA:** | TU2015CW031 |

| | |
|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse:** | Naíonra Áras na nÓg |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Éire Óg, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, Co. Cheatharlach |

| | |
|---|---|
| **Éirchód:** | R93 Y020 |

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSoláthraí Chláraithe:** | Bríde De Róiste |

| | |
|---|---|
| **Cineál na seirbhíse:** | Seisiúnach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 30/01/2026 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | 23 | PM | N/B |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:** | Cigireacht na Luathbhlianta,<br>TUSLA, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,<br>Bóthar Bhaile Átha Í,<br>Ceatharlach |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | Norma Thornton |
| **Teideal:** | Cigire Luathbhlianta |

| An tÚdarás chun Cigireacht a dhéanamh |
|---|
| Déanann Cigireacht Luathbhlianta Tusla cigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí 1991 (arna chur isteach ag Alt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha más infheidhme** | Neamhbhainteach |

## Cur síos ar an tseirbhís

Seirbhís luathbhlianta chláraithe pobail is ea Naíonra Áras na nÓg atá á rialú ag bord bainistíochta deonach. Is as limistéar sainithe Chlub Éire Óg de chuid Chumann Lúthchleas Gael i lár Bhaile Cheatharlach a oibríonn an tseirbhís.

Is é comhdhéanamh ionad na seirbhíse dhá sheomra ranga, Seomra Ranga a hAon agus Seomra Ranga a Dó, a ngabhann áiseanna comhtháite leordhóthanacha leithris, limistéar cistine agus limistéar oifige leo araon chomh maith le háit súgartha shainithe lasmuigh atá fairsing agus daingnithe.

Tá limistéar breise ag an tseirbhís lasmuigh de chúl ionad na seirbhíse, tá radharc ar na páirceanna peile ón ionad, tá an limistéar sin cumhdaithe agus is féidir é a úsáid mar limistéar súgartha le linn doininne nó mar sheomra ranga taobh amuigh den ionad féin.

Féadann an tseirbhís úsáid a bhaint as limistéir na bpáirceanna peile freisin agus as an gcosán atá thart timpeall na bpáirceanna agus féadann sí an cosán a úsáid le haghaidh siúlóidí dúlra. Tá ionad iomlán CLG daingnithe le balla ard agus fálú miotail.

## Soláthar Foirne

Tá cúigear ball foirne fostaithe sa tseirbhís. Ní oibríonn an soláthraí cláraithe sa tseirbhís. Bhí cáilíochtaí idir Leibhéal a Cúig agus Leibhéal a hOcht ar an gcreat náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag na baill foirne uile atá fostaithe go díreach ag an tseirbhís agus, mar chuid dá róil, a oibríonn go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís. Bhí triúr eile ar socrúchán leis an tseirbhís freisin a bhí ina mic léinn ar chúrsa um chúram agus oideachas na luath-óige.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht Luathbhlianta Tusla an rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialachán an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 an dualgas atá ar sholáthraí cláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a áirithiú agus na rialacháin sin a chomhlíonadh. Leis an Acht sin údaraítear Tusla chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán freisin. Is é cuspóir na rialála maidir le seirbhísí luathbhlianta ná a áirithiú go gcloítear le cúram, sábháilteacht agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí sin. Déantar cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta a phleanáil bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Stair na cigireachta a rinneadh roimhe
- Aon fhaisnéis a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Faisnéis a fhaightear trí mhionscrúdú ar cháipéisíocht
- Breathnóireacht dhíreach
- Plé leis an bhfoireann ábhartha

Níor fógraíodh an chigireacht seo agus díríodh í ar réimse an rialachais/na sláinte, an leasa agus fhorbairt na leanaí/na sábháilteachta/na n-áitreabh agus na n-áiseanna. Féadfaidh an chigireacht díriú ar réimsí eile freisin de réir mar is gá.

Baineadh úsáid as próiseas samplála chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialachán seo a leanas:
Rialachán 15 – Taifead ar Leanbh Réamhscoile,
Rialachán 23 - Sláinte, Sábháilteacht agus Leas Linbh a Chosaint,
Rialachán 24 - Seiceáil Isteach agus Amach agus Taifead ar Thinreamh,
Rialachán 25 – Garchabhair
Rialachán 26 – Bearta maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteáin,

Dá thoradh sin, cuireadh Seomra Ranga a Dó san áireamh i raon feidhme na cigireachta.

Déantar torthaí na cigireachta a dhoiciméadú sa tuarascáil chigireachta a eisítear den chéad uair i ndréachtfhormáid chuig an tseirbhís agus deis ann freagra a thabhairt ar aon toradh. Nuair a shainaithnítear ceanglais reachtúla nach bhfuil á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe a léiriú conas a cheartaigh sé an neamhchomhlíonadh agus conas a chinnteoidh sé nach dtarlóidh aon neamhchomhlíonadh arís. Úsáidfear an Plean um Ghníomh Ceartaitheach agus um Ghníomh Coisctheach chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le comhlíonadh na gceanglas rialála. I gcás ina dteipeann ar an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar tús a chur le próiseas géaraithe.

Forchoimeádann an chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar na freagraí a fhaightear ar chúiseanna lena n-áirítear soiléireacht, iomláine agus comhlíonadh na bpróiseas riaracháin agus dlíthiúil.

Is é an comhlacht cigireachta a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

## Admhálacha

Is mian leis an gcigire aitheantas a thabhairt do chomhoibriú an duine atá i gceannas, na foirne agus na leanaí a bhí i láthair lá na cigireachta.

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*<br>*(a)go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,*<br>*go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus*<br>*(c)go bhfuil struchtúr bainistíochta soiléir sa tseirbhís ina sainaithnítear na línte údaráis agus cuntasachta sa tseirbhís, agus róil agus freagrachtaí sonracha gach fostaí agus oibrí neamhíoctha freisin.*<br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach fostaí, oibrí gan phá agus conraitheoir oiriúnach agus inniúil agus cineál na riachtanas atá ag leanaí á chur i gcuntas, lena n-áirítear-*<br>*(a)breithniú ar theistiméireachtaí ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*<br>*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóir aige nó aici san am a caitheadh,*<br>*(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*<br>*(d) a áirithiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí air nó uirthi i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán póilíneachta ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*<br>*(3) Cuirfear an nós imeachta atá sonraithe i mír (2) i gcrích sula mbeidh aon duine ceaptha nó sainithe do leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile agus sula mbeidh teagmháil leis an duine sin le leanbh den sórt sin.*<br>*(4) Áiritheoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.* |

| Faisnéis maidir le Comhlíonadh |
|---|
| (1(a) Bhí duine i bhfeighil ainmnithe sainithe sa tseirbhís agus bhí duine ainmnithe sainithe ar fáil mar ionadaí ar an duine sin de réir mar a bheadh gá leis.<br>(b)Bhí an duine i bhfeighil sainithe mar aon leis an duine i bhfeighil ainmnithe sainithe mar ionadaí ar an duine sin ar an láthair le linn na cigireachta. Léiríodh san uainchlár foirne nach mór don duine i bhfeighil sainithe nó do dhuine i bhfeighil ainmnithe sainithe a bhí mar ionadaí ar an duine sin a bheith ar an láthair i gcónaí tráth a mbeadh an tseirbhís i bhfeidhm.<br>(c) Bhí forléargas soiléir ar struchtúr na bainistíochta agus ar róil fhostaithe uile na seirbhíse le feiceáil sa phríomh-halla laistigh den doras isteach.<br>(2) Rinne an cigire athbhreithniú ar chomhaid foirne de chuid cúigear ball foirne agus triúr mac léinn.<br>(a(b) Bhí dhá theistiméireacht bhailí a thug réamh-fhostóir nó duine eile creidiúnach ar fáil ar chomhaid na mball foirne uile.<br>(c) Bhí nochtaí faighte a ghabh le ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i dtaca leis an gcúigear ball foirne uile agus i dtaca leis an triúr mac léinn a bhí ar socrúchán sa tseirbhís. Léirigh an tseirbhís gur comhlíonadh an Fógra Rialála Cigireachta Luathbhlianta lena gceanglaítear ar sheirbhísí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a athnuachan gach trí bliana.<br>(d) Ní bhaineann le hábhar toisc nach raibh ball foirne ar bith fostaithe sa tseirbhís a raibh cónaí air nó uirthi lasmuigh den stát ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí.<br>(4) Maidir le gach ball foirne a bhí ag obair go díreach leis na leanaí mar chuid dá róil, bhí teastais um cháilíochtaí ar fáil le haghaidh na cigireachta ina leith, lenar léiríodh go raibh cáilíocht d'íosmhéid Leibhéal a Cúig go dtí Leibhéal a hOcht ar a laghad acu i gcúram agus oideachas na luath-óige de réir an chreata náisiúnta de chuid QQI. |

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 11 – Leibhéil foirne** |
| *(1) Faoi réir an Rialacháin seo, áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh líon leordhóthanach daoine fásta i gcónaí ag obair go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*<br>*(3) Faoi réir mhír (5), áiritheoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid a Dó Sceideal a Sé os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) dá bhrí sin ag an uimhir thagartha sin.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh** |
| (1) Bhí líon leordhóthanach ball foirne ag obair go díreach leis na 23 leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís.<br>(3) I Seomra Ranga a hAon - Bhí seisear leanaí réamhscoile faoi chúram díreach beirt bhall foirne agus aon mhac léinn amháin agus bhí siad uile gafa le hobair.<br>I Seomra Ranga a Dó - Bhí 17 leanaí réamhscoile faoi chúram díreach triúr ball foirne agus aon mhac léinn amháin agus bhí siad uile ag obair le chéile. |

| Cuid IV – Faisnéis agus Taifid |
|---|
| **Rialachán 15 – Taifead ar leanbh réamhscoile** |
| *(1) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach a chinntiú go gcoimeádfar taifead i scríbhinn maidir le gach leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí seo a leanas:*<br>*a ) ainm agus dáta breithe an linbh;*<br>*(b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;*<br>*c ) an dáta a scoir an leanbh de bheith ag freastal ar an tseirbhís;*<br>*(d) ainm agus seoladh tuismitheora no´ caomhno´ra leis an leanbh agus uimhir theileafo´in lenar fe´idir dul i dteagmha´il leis an tuismitheoir no´ leis an gcaomhno´ir sin no´ le gaol no´ le cara leis an leanbh le linn uaireanta oibrıochta na seirbhıse;*<br>*(e)údarú chun an leanbh a bhailiu;*<br>*(f) mionsonraı´ aon bhreoiteachta, aon mhı´chumais, aon aille´irge no´ aon riachtanais speisialta ar an leanbh, mar aon leis an bhfaisne´is go le´ir is iomchuı´ maidir le cu´ram no´ aire speisialta a shola´thar;*<br>*(g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh;* |

*(h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh;*

*(i)toiliú scríofa tuismitheora do chóireáil leighis chuí don leanbh i gcás éigeandála*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh**

(1)(a) go (i) Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gcigire ar dhá thaifead chláraithe déag de chuid leanaí réamhscoile a bhí ag freastal ar an tseirbhís, tugadh faoi deara go raibh taifid na sonraí (a) go (i) á gcoimeád maidir le gach leanbh réamhscoile.

**Cuid VI - Sábháilteacht**

**Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint**

*Áiritheoidh soláthraí cláraithe go ndéantar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint agus go bhfuil timpeallacht na seirbhíse sábháilte.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh**

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

Bhí an tseirbhís suite go daingean laistigh d'ionad Éire Óg de chuid CLG i limistéar sainithe ar leith nach raibh rochtain air ach amháin trí údarú a fháil ón bhfoireann laistigh tar éis cloigín an dorais a bhrú. Leis na doirse amach as an dá sheomra ranga araon tugadh rochtain dhíreach ar limistéar beag lasmuigh, ar an gcosán agus ar na páirceanna peile, iad uile daingnithe ar an láthair le balla ard agus ráillí miotail, agus le córas d'fhálú ard miotail ocht dtroigh ar airde. Soláthraíodh carrchlós fairsing os comhair ionad CLG do thuismitheoirí ina raibh spás páirceála leordhóthanach do charranna agus é gar don bhealach isteach chuig ionad na seirbhíse le go mbeadh sé ar chumas na dtuismitheoirí na leanaí a ligean amach agus a bhailiú go sábháilte.

Chuir an cigire in iúl go raibh an trealamh agus na hábhair ghlantacháin uile daingnithe go sábháilte ó thaobh na leanaí de agus nach raibh siad inrochtana ag na leanaí.

Ní raibh limistéar na cistine lonnaithe gar do na leanaí agus ní raibh sé inrochtana ag na leanaí.

**Rialú Ionfhabhtaithe:**

Tugadh faoi deara go raibh leithris na leanaí glan agus i riocht maith agus go raibh soláthairtí tuáillí lámh de dhéantús páipéir agus gallúnaí lámh leachtaí ar fáil. Ar lá na cigireachta, nuair a bhí na leanaí agus na baill foirne ag ní na lámh, thug siad faoi deara gur tháinig maolú tobann ar bhrú an uisce agus ina dhiaidh sin thug an t-údarás áitiúil fógra don ionad faoi chur isteach ar an soláthar uisce. Láithreach bonn chuir an duine i bhfeighil sainithe na

tuismitheoirí ar an eolas faoin gcur isteach sin agus socraíodh go ndúnfaí ionad na seirbhíse go luath toisc nárbh ann d'aon áiseanna leordhóthanacha le haghaidh níochán lámh.

**Cógais a Riaradh:**

Bhí riar leordhóthanach an bheartais cógais ar bun san ionad seirbhíse agus thaispeáin na baill foirne go raibh siad ar an eolas maidir le haon chógais oidis nó cógais chun teocht a mhaolú a riar tráth a mbeadh gá leis sin. Bhí cógais chun teocht a mhaolú i stóras sábháilte in aonad stórála daingnithe.

**Aistir scoile:**

Bhí beartas maidir le haistir forbartha ag an tseirbhís a bhí oiriúnach do na siúlóidí dúlra a bhíonn ar bun go rialta ag an tseirbhís timpeall an chosáin atá laistigh d'ionad CLG agus oiriúnach freisin do dhul amach na leanaí don limistéar sainithe súgartha faoi chumhdach ar thailte an ionaid sin agus dá dteacht isteach uaidh.

## Cuid VI - Sábháilteacht

**Rialachán 24 - Seiceáil isteach agus amach agus taifead láithreachta**

*(1) Áiritheoidh soláthraí cláraithe go ndéanfaidh fostaí nó oibrí neamhíoctha gach leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chlárú isteach agus a chlárú amach as an tseirbhís.*

*(3) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*

*(a) nach mbeidh aon duine seachas—*

*(i) leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís,*

*(ii) duine a fhágann nó a bhailíonn an leanbh sin,*

*(iii) fostaí, nó*

*(iv) oibrí neamhíoctha in ann dul isteach sna háitribh gan cead dul isteach a bheith faighte aige nó aici ó fhostaí,*

*(b) go gcoimeádfar taifead laethúil i scríbhinn ar theacht isteach na ndaoine sin san áitreabh.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh**

(1) Maidir leis na leanaí réamhscoile uile thaispeáin an fhoireann don chigire go ndéantar taifead laethúil ar a dtinreamh laethúil ar an tseirbhís agus ar a n-imeacht laethúil uaithi. Maidir leis an athbhreithniú a rinneadh ar thaifid líon na leanaí a bhí i láthair in ionad na seirbhíse bhí siad comhchoibhneasach leis na taifid a bhí á gcoimeád ag an bhfoireann i ngach aon cheann den dá sheomra.

(3(a) Thug an cigire faoi deara nach féidir le haon duine dul isteach san áitreabh gan údarú ón soláthraí cláraithe nó ó fhostaí ach amháin leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, fostaí nó oibrí neamhíoctha, nó tuismitheoir/caomhnóir a bhfuil leanbh á fhágáil nó a bhailiú aige nó aici.
(b) Thug an cigire faoi deara go raibh taifead laethúil ar aon chuairteoirí ar an tseirbhís á gcoimeád agus go raibh sonraí ann maidir le hainm an chuairteora, sonraí teagmhála, cuspóir na cuairte agus am teacht isteach sa tseirbhís agus dul amach aisti. Éilíodh ar an gcigire na sonraí a thaifead sa leabhar taifid ar theacht isteach in ionad na seirbhíse dó nó di.

## Cuid VI - Sábháilteacht

**Rialachán 25 - Garchabhair**

*(1) Áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte i ngarchabhair do leanaí ar fáil láithreach, i gcónaí, do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(2) Áiritheoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar bosca garchabhrach atá feistithe go cuí do leanaí-*

*(a) go stórálfar é go sábháilte in áit atá inrochtana agus feiceálach go héasca san áitreabh, agus*

*(b) go mbeidh sé ar fáil do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile i gcónaí.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh**

(1) Bhí triúr ball foirne fostaithe sa tseirbhís a raibh oiliúint le haghaidh freagróir garchabhrach (FAR) curtha orthu le déanaí. Rinne an duine i bhfeighil sainithe a áirithiú go raibh beirt bhall foirne ar a laghad a bhí creidiúnaithe le hoiliúint FAR i láthair sa tseirbhís don seisiún den Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) tráth a raibh na leanaí réamhscoile i láthair.
(2(a(b) Bhí bosca garchabhrach ar fáil i ngach aon cheann den dá sheomra ranga, iad i stóras ach le feiceáil go soiléir. Tugadh faoi deara go raibh ábhair leordhóthanacha sna boscaí garchabhrach agus go raibh siad ar fáil don fhoireann le haghaidh na leanaí san ionad seirbhíse.

## Cuid VI - Sábháilteacht

**Rialachán 26 - Bearta sábháilteachta dóiteáin**

*(1) Áiritheoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn-*

*(a) ar aon druil dóiteáin a bheidh ar siúl san áitreabh, agus*

*(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh comhraicthe dóiteáin agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*

*(4) Déanfar fógra faoi na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.*

### Faisnéis maidir le Comhlíonadh

(1) Bhí taifead i scríbhinn ar an méid seo a leanas á choimeád ar an áitreabh:

(a) An druil dóiteáin a rinneadh san ionad seirbhíse gach mí mar aon le taifead ar na sonraí. De réir an taifid rinneadh an druil dóiteáin deireanach ar an 10 Nollaig 2025. Bhí sé beartaithe druil dóiteáin a dhéanamh ar lá na cigireachta. Mar gheall ar an tseirbhís a bheith dúnta go luath de thoradh cur isteach ar an soláthar uisce, áfach, cuireadh an druil sin ar athló go dtí an lá dár gcionn.

(b)De réir an taifid rinneadh a tseiceáil dheireanach ar an trealamh comhraicthe dóiteáin ar an 22 Lúnasa 2025 agus maidir leis an gcóras aláraim dóiteáin, de réir an taifid rinneadh an tseiceáil ráithiúil dheireanach ar an 25 Samhain 2025.

(4) Bhí fógra faoi na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint go feiceálach ar an gclár fógraí i halla iontrála ionad na seirbhíse.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
| --- |
| **Rialachán 28 - Árachas** |
| *Áiritheoidh soláthraí cláraithe go bhfuil árachas leordhóthanach ag an tseirbhís réamhscoile.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh** |
| Bhí deimhniú árachais ar taispeáint ar an gclár fógraí in ionad na seirbhíse agus léiríodh air go raibh árachas leordhóthanach ar bun le haghaidh seirbhís sheisiúnach na Scéime um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) do suas le tríocha trí leanaí réamhscoile.<br>De réir an deimhnithe árachais tá an tréimhse ón 28 Márta 2025 go dtí an 27 Márta 2026 cumhdaithe. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2015CW031 |

| | |
|---|---|
| **Name of Service:** | Naíonra Áras na nÓg |

| | |
|---|---|
| **Address of Service:** | Éire Óg, O'Brien Road, Carlow, Co. Carlow |

| | |
|---|---|
| **Eircode:** | R93 Y020 |

| | |
|---|---|
| **Name of Registered Provider:** | Bríde De Róiste |

| | |
|---|---|
| **Service type:** | Sessional |

| | |
|---|---|
| **Date of Inspection:** | 30/01/2026 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 23 | PM | N/A |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Early Years Inspectorate,<br>Tusla Child & Family Agency,<br>Athy Road,<br>Carlow |
| **Inspection undertaken by:** | Norma Thornton |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| **Authority to Inspect** |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | Not applicable |

## Description of service

Naíonra Áras na nÓg is a registered community early years service which is governed by a voluntary board of management. The service operates from a designated area of the Éire Óg GAA club in the centre of Carlow town. The service is comprised of two classrooms Seomra Ranga 1 agus Seomra Ranga 2, each with adequate integrated toilet facilities, a kitchen area, office area and a designated spacious secured outdoor play area.

At the back of the service where the service looks out over the football pitches, the service has an additional covered outdoor area, which can be used as a play area during inclement weather or an outdoor classroom. The service also has use of the pitch areas and the walkway that runs around the pitches, which can be used for nature walks. The entire GAA complex is secure with a high wall and metal fencing.

## Staffing

There are five staff members employed in the service. The registered provider does not work in the service. All staff members directly employed in the service who as part of their role work directly with the children in attendance held qualifications ranging from Level 5 to Level 8 on the national Quality and Qualifications Ireland (QQI) framework. Three students in early childhood care and education were also on placement with the service.

## Methodology

Tusla’s Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance/ health, welfare and development of child/ safety/ premises and facilities. The inspection may also focus on other areas as required.

A sampling process was used to assess compliance under the following regulations.

Regulation 15-Record of a Pre-school Child,

Regulation 23-Safeguarding Health Safety and Welfare of Child,

Regulation 24-Checking In and Out and Record of Attendance,

Regulation 25-First Aid,

Regulation 26 – Fire Safety Measures,

As a result, the scope of the inspection included Seomra Ranga 2.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non - compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

**Acknowledgments**

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(1) A registered provider shall ensure that-*

*(a)the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required,*

*(b)at all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named person referred to in subparagraph (a) is on the premises, and*

*(c)there is a clear management structure in the service that identifies the lines of authority and accountability in the service and the specific roles and responsibilities of each employee and unpaid worker.*

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(3) The procedures specified in paragraph (2) shall be carried out prior to any person being appointed, assigned or allowed access to or contact with a child attending the pre-school service.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

### Compliance Information

(1)(a) There was a named designated person in charge in the service and a named deputy designated person available to deputise as required.

(b)Both the designated person in charge and the named deputy designated person in charge were onsite for the duration of the inspection. The staff roster demonstrated that either the designated person in charge or a named deputy designated person in charge, was always onsite while the service was in operation.

(c) A clear visual outline of the management structure and roles of each employee in the service was displayed in the main entrance hall.

(2) Staff files for five staff members and three students were reviewed by the inspector.

(a)(b) Two validated references were available on file for each of the staff members from either a past employer or from a reputable source.

(c) Garda vetting disclosures had been obtained for all five staff members including the registered provider and for the three students on placement in the service. The service demonstrated compliance with the Early Years Inspectorate Regulatory Notice, requiring services to renew Garda vetting every three years.

(d) Not applicable as there was no staff member employed in the service who had lived outside of the state for a period of longer than six months.

(4) Certificates of qualifications were available for inspection, for each staff member, who as part of their role were working directly with the children, demonstrating that each staff member held at least a minimum Level 5 to Level 8 qualification in early childhood care and education on the national QQI Framework.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 11 - Staffing levels

*(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*

*(3) Subject to paragraph (5), a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 2 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) therefore at that reference number is satisfied.*

**Compliance Information**

(1) There was an adequate number of staff members working directly with the 23 children attending the service.

(3) In Seomra Ranga 1 - There were 2 staff members and 1 student directly caring for and engaged in work with 6 pre-school children.

In Seomra Ranga 2 - There were 3 staff members and 1 student directly caring for and working with 17 pre-school children.

## Part IV – Information and Records

**Regulation 15 – Record of pre-school child**

*(1) A registered provider of a pre-school service other than a pre-school service in a drop-in centre or a temporary pre-school service shall ensure that a record in writing is kept in respect of each pre-school child attending the service containing the following particulars:*

*(a) the name and date of birth of the child;*

*(b) the date on which the child first attended the service;*

*(c) the date on which the child ceased to attend the service;*

*(d) the name and address of a parent or guardian of the child and a telephone number where that parent or guardian or a relative or friend of the child can be contacted during the hours of operation of the service;*

*(e) authorisation for the collection of the child;*

*(f) details of any illness, disability, allergy or special need of the child, together with all the information relevant to the provision of special care or attention;*

*(g) the name and telephone number of the child's registered medical practitioner;*

*(h) record of immunisations, if any, received by the child;*

*(i) written parental consent for appropriate medical treatment of the child in the event of an emergency.*

### Compliance Information

(1)(a) to (i) On review of a sample of 12 registration records of pre-school children attending the service, the inspector observed that records of the particulars (a) to (i) were maintained for each preschool child.

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child** |
| *A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.* |
| **Compliance Information** |
| **General Safety:**<br>The service was securely positioned within the Éire Óg GAA complex in a separate designated area which could only be accessed by authorisation from the staff inside upon ringing the doorbell. The exit doors from each of the two classrooms provided direct access to a small outdoor area, the walking track and football pitches which were all secured onsite by a high wall with metal railings, and a high eight-foot metal fencing system. A spacious car park at the front of the GAA complex provided parents with ample car parking space close to the service entrance for the safe drop off and collection of children.<br>The inspector observed that all cleaning equipment and materials were safely secured away from the children and could not be accessed by the children.<br>The kitchen area was located away from the classroom and could not be accessed by the children. |
| **Infection Control:**<br>The children's toilets were observed to be clean and well maintained with supplies of paper hand towels and liquid hand soap. On the day of inspection, while children and staff were handwashing, they observed a sudden decline in the water pressure and were subsequently notified of a water supply disruption from the local authority. The designated person in charge promptly acted in notifying parents of this disruption and arranged that the service would close early due to inadequate handwashing facilities. |
| **Administration of Medication:**<br>There was an adequate administration of medication policy in place in the service and staff demonstrated that they were well informed in relation to the administration of any prescribed medications or temperature reducing medications when required. Temperature reducing medications were safely stored in a secured storage unit. |

**Outings:**

The service had developed an outings policy appropriate to the service regularly taking nature walks around the walking track within the GAA complex and transitioning to and from their designated enclosed outdoor play area on the grounds of the complex.

## Part VI - Safety

### Regulation 24 - Checking in and out and record of attendance

*(1) A registered provider shall ensure that each pre-school child attending the service is checked in and out of the service by an employee or an unpaid worker.*

*(3) A registered provider shall ensure that-*

*(a) no person other than-*

*(i) pre-school child attending the service,*

*(ii) a person dropping or collecting such a child,*

*(iii) an employee, or*

*(iv) an unpaid worker, can enter the premises without his or her entry being approved by an employee, and*

*(b) a daily record in writing is kept of the entry on the premises of any such person.*

**Compliance Information**

(1) The staff demonstrated to the inspector that each pre-school child's daily attendance and departure times to and from the service were recorded daily. On review of the attendance records the number of children present in the service correlated with the attendance records maintained by the staff in each of the two classrooms.

(3)(a) The inspector observed that no person other than a child attending the service, a parent/ guardian dropping or collecting a child, an employee or unpaid worker could enter the premises without authorisation by the registered provider or an employee.

(b) The inspector observed that a daily record of any visitors to the service was maintained and detailed the name, contact details, purpose of visit and times of entry and exit from the service. The inspector was required to record the details in the record book upon arriving at the service.

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 25 - First aid** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*<br><br>*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*<br>*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*<br>*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.* |
| **Compliance Information** |
| (1) There were three staff members employed in the service with current First Aid Responder (FAR) training. The designated person in charge ensured that there were at least two staff members accredited with FAR training, present in the service for the ECCE session while the preschool children were in attendance.<br>(2)(a)(b) A first aid box was available in each of the two classrooms, stored in clear view. The first aid boxes were observed to be adequately supplied and was always available to the staff for the children in the service. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 26 - Fire safety measures** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-*<br>*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*<br>*(b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.*<br><br>*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.* |
| **Compliance Information** |
| (1)A record in writing was maintained on the premises of the following:<br>(a) Fire drills were carried out in the service monthly with the details recorded. The last fire drill was recorded as having taken place on the 10 December 2025. A fire drill had been planned for the day of inspection, however, due to early closure of the service because of the water disruption, this was postponed until the next day. |

(b)The last maintenance check of the fire-fighting equipment was recorded as having taken place on the 22 August 2025 and for the fire alarm system, the last quarterly check was recorded as having taken place on the 25 November. 2025

(4) A notice of the procedures to be followed in the event of a fire was displayed on the notice board in the entrance hall of the service.

## Part VI - Safety

### Regulation 28 - Insurance

*A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.*

**Compliance Information**

An insurance certificate displaying adequate insurance for a sessional ECCE service for up to 33 preschool children was displayed on the notice board in the service.

The insurance certificate provided cover from 28 March 2025 to the 27 March 2026.